

An Chéad Eagrán 2012
© Máire Uí Dhufaigh 2012

ISBN 0 898332 62 9

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Ghnóthaigh an leabhar seo an chéad duais d'fhicsean do dhéagóirí i gComórtais Liteartha an Oireachtais 2011



Foras na Gaeilge
*Tugann Foras na Gaeilge
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann an Chomhairle Ealaíon
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

An Garda C6sta

Máire Uí Dhufaigh



Caibidil 1

Oileán na Leice, Co. na Gaillimhe
Mí Iúil 2012

Bhreathnaigh Caitriona anonn ar an bhfoirgneamh mór liath. ‘Meastú an bhfuil sé fíor go bhfuil taibhsí ann?’

‘Bhuel, gheobhaidh muid amach anocht,’ arsa Iain. ‘Agus má éiríonn linn pictiúr de cheann acu a fháil cuirfidh muid suas ar YouTube é. Na lads sin a chuir an geall liom, tá siad ag iarraidh cruthú go raibh muid istigh ann.’

‘B’fhéidir nach mbeidh aon seans eile againn. Tá scéal ag dul thart go bhfuil tógálaí mór le rá tar éis an áit a cheannacht,’ a dúirt Bríd, ‘le brú nó óstán a dhéanamh as.’

Taobh istigh den gheata ag seanstáisiún an gharda cósta a bhí Caitriona Pheadair Ní Fhlatharta lena col ceathrar Bríd agus a gcara Iain. Bhí an stáisiún, nó an mar a thugtaí de ghnáth air, suite go taibhsiúil gruama ar an gcnoc os cionn an bhaile. Ba sceirdiúil an áit é, go

háirithe anois agus é ag tarraingt ar mheán oíche. Taobh amuigh de scréachaíl na bpréachán, a raibh nead-racha acu i seanbhallaí an stáisiúin, ní raibh le cloisteáil ag an triúr óg a bhí suite ann ach torann na dtonn ag briseadh ar thrá an oileáin agus ceol bríomhar bhosca ceoil ag teacht ar an ngaoth ó Óstán Bharr na Céibhe. Ar an mórthír, i bhfad uathu trasna an chuain, bhí soilse le feiceáil acu ag glioscarnach sa dorchadas. Bhreathnaigh Caitriona anonn ar an bhfothrach arís.

‘Brú! Anseo...! Ag magadh atá tú!’ a dúirt sí. ‘Cé a bheadh ag iarraidh fanacht ina leithid d’áit iargúlta?’

‘Déarfainnse go ndéanfadh sé óstán breá,’ a dúirt Iain. ‘Foirgneamh mór dhá stór ar bharr an chnoic ag breathnú amach ar an gcuan! Thaitneodh sé le turasóirí. Tá mé cinnte de. Ach, dar ndóigh, theastódh obair a dhéanamh air.’

‘D’fhéadfá a rá go dteastódh. Chuile shamhradh a thagaim anseo bíonn tuilleadh leaca tite de,’ a deir Bríd. ‘Ach, mar sin féin, b’fhiú an t-airgead a chaitheamh air.’

Ach ní fhéadfadh Caitriona an foirgneamh gránna seo a shamhlú ina óstán. ‘Cuma cé méid a bheadh caite ag cur caoi air.

‘Bhuel, ní fhanfainnse ann dá n-íocfá mé,’ a deir sí. ‘Tá sé chomh haisteach mar áit! Ní bheadh aon iontas orm dá mbeadh taibhsí ann.’

Theastaigh ó Bhríd a fháil amach ansin ar chreid Iain i dtaibhsí.

‘Ní chreidim! Ach tá an oiread cainte déanta faoin Station ó tháinig na seandálaithe anseo gur mhaith liom an taobh istigh de a fheiceáil dom féin ... chomh maith leis an áit a bhfuil siad ag tochailt ann.’

Faoin am seo bhí an fuacht ag cur as do Bhríd agus í ag éirí mífhoighdeach.

‘Ach tuige a gcaithfidh muid fanacht le Séamas?’ a d’fhiafraigh sí d’Iain. ‘Tá mise cailte leis an bhfuacht!’

‘Dúirt mé leat cheana. Beidh tóirse ceart ag Séamas. Agus ar aon chaoi, dá mbeadh cóta nó seaicéad ort ní bhraithfeá an fuacht. Agus tá Caitriona chomh dona leat. Breathnaigh oraibh! Gúnaí beaga samhraidh! Ní thuigim cén fáth a mbíonn cailíní chomh hamaideach.’

DÍCHÉILLÍ! a deir Caitriona. Bhí faisean aici Iain a cheartú dá n-úsáidfeadh sé focal nach mbeadh acu in Oileán na Leice.

‘Ó, gabh mo leithscéal, a mhúinteoir. ‘Díchéillí’ atá sibh. An-díchéillí,’ a dúirt sé agus é ag fáisceadh a sheaicéad teolaí timpeall air féin agus ag sá a chuid lámha síos sna pócaí.

Bhí imní ag teacht ar Chaitriona. Ab é go raibh a intinn athraithe ag Séamas? An raibh sé le theacht ar chor ar bith? Ní bheadh sí san áit fuar feannta seo beag ná mór murach Séamas Jim. Rud nár thuig an bheirt a bhí in éineacht léi. Thaitin Séamas le Caitriona thar aon lad dar casadh riamh uirthi. Chomh luath agus a chuala sí faoin socrú don oíche anocht chuir sí téacs chuige. Bhí

sí ag dul ag tóraíocht taibhsí thuas ag an Station in éineacht le Bríd agus Iain a dúirt sí sa téacs. An mbeadh seisean ann? Bhí dhá chroí aici nuair a tháinig an freagra uaidh.

‘Ba cheart duitse glaoch air,’ a dúirt sí le Iain anois.

‘Ghlaoigh mé tamall ó shin ach níl sé ag freagairt.’

‘Níl ann ach seans go dtiocfaidh sé,’ a deir Bríd. ‘Nach bhfuil muid anseo anois le uair an chloig?’

Ach ní raibh amhras ar bith ar Iain. Thiocfadh Séamas, a dúirt sé. Ní ligfeadh sé síos iad. Bhí a fhios aige faoin ngeall.

‘Cé méid de gheall a chuir na lads leat ar aon chaoi?’ a d’fhiafraigh Bríd de.

‘Fiche euro.’

‘Agus roinnfidh tú linne é?’

‘Ceannóidh mé uachtar reoite an duine daoibh!’

‘Muisse mura tú atá flaithiúil!’

‘Ach meastú cá bhfuil Séamas ar aon chaoi,’ a d’fhiafraigh Caitríona d’Iain. ‘Cá mbeadh sé an tráth seo d’óiche?’

‘San óstán, cheapfainn,’ a deir Iain.

‘Ach níl Séamas ach cúig bliana déag,’ a dúirt Caitríona. Cúpla mí níos sine ná í féin. ‘Ní ligfí isteach san óstán é. An ligfí?’

‘Bhuel, chonaic mo dheartháir ann é le deireanas. Cúpla uair.’

‘Cúpla babhta.’

‘Bhuel cúpla babhta mar sin. Caithfidh nach bhfuil siad chomh dian agus a cheapann tusa.’

‘Is dóigh nach bhfuil, ó cheannaigh an dream nua é. Nuair a bhíodh an t-óstán ag Cáit Mhicil chaithfeá a bheith ag tarraingt an phinsin sula ligfeadh sí isteach sa mbeár thú! Sin é a dúirt m’uncail ar aon chaoi.’

Lig Iain scairt gháire as.

‘Go gcaithfeá a bheith ag tarraingt an phinsin...! Sin leagan greannmhar.’

‘Barúil!’

‘Ó sea. Barúil. AN-BHARÚIL.’ Bhí sé ag cur canúint láidir air féin.

Thosaigh Bríd ag sciotaíl.

‘Tá tú ag déanamh go maith, a Iain!’ a dúirt sí, agus ‘chaon scairt aisti. ‘Is gearr anois go mbeidh Gaeilge bhreá agat! Gaeilge Oileán na Leice, a mhac!’

‘Fuist!’ a dúirt Caitríona. ‘Déanaigí go réidh, an bheirt agaibh.’

Ní raibh aon suim aici sa gcaic a bhí ar bun acu. Bhí a cluasa bioraithe aici, ag súil go dtiocfadh Séamas aníos an cnoc nóiméad ar bith. Ach faitíos a croí uirthi ag an am céanna nach dtiocfadh sé ar chor ar bith. Nuair a bhí deich nóiméad eile caite, d’éirigh sí de léim.

‘An bhfuil muid leis an oíche a chaitheamh suite anseo? Nó an bhfuil muid ag dul isteach?’

‘Ach bheadh sé contúirteach,’ arsa Iain. ‘Gan solas a bheith againn.’

‘Contúirteach!’ Bhí cantal ar Chaitríona anois. Cantal, chaithfeadh sí a admháil, a bhain níos mó le Séamas ná le Iain.

‘Tú féin is do chuid contúirtí! Tá aiféala orm anois nach síos ar an trá a chuaigh mé, chuig an mbarbaiciú.’

Ní raibh rún aici an oíche a chaitheamh ina hóinseach ag fanacht le Séamas Jim. Shiúil sí anonn go dtí an sconsa. ‘Níl cead dul isteach ach amháin ar ghnó,’ a dúirt sí go drámatúil in ard a cinn agus í ag léamh an méid a bhí scríofa ar an bhfógra.

‘An stopfaidh tú ag béiceadh,’ a dúirt Bríd léi. ‘Tarr-aingeidh tú an baile orainn.’

Tar éis scaithimhín, thuig Caitríona nach raibh an bheirt eile ag tabhairt aon toradh uirthi. Anall léi go dtí an geata arís agus í ag tarraingt na gcos. Chaith sí fúithi ansin agus pus uirthi. Bhí a hintinn ina cíor thuathail. Dá mbeadh a cairde Ruth agus Siobhán anseo.... Ach ní raibh agus ní fheicfeadh sí iad go ceann cúpla lá.

‘Éist,’ a dúirt Iain go tobann, ‘an gcloiseann sibhse é sin?’

Chuir an bheirt chailín cluais orthu féin. Is í an chasacht a chualadar ar dtús. Ansin chonaic siad an solas. Duine ag deargadh a thoitín. Thíos ag bun an chnoic.

‘Séamas, cuirfidh mé geall ar bith leat,’ a deir Iain. ‘Ach amháin ... ní raibh a fhios agam go mbíonn sé ag caith-eamh.’

Díreach ansin, chualadar an monabhar cainte.

‘Más é Séamas atá ann,’ a dúirt Bríd. ‘Níl sé leis féin.’
Céibí cé a bhí ann, bhí sé ag teacht níos cóngaraí, ag siúl aníos an cosán go barr an chnoic.

‘Seo! B’fhéarr dúinn dul i bhfolach,’ a deir Bríd. ‘Ar fhaitíos na bhfaitíos.’

‘Chuile sheans gurb é Séamas atá ann,’ a dúirt Caitríona.

Ach, mar sin féin, chrom sí síos taobh istigh den chlaí in éineacht leis an mbeirt eile.

‘Cé sibh féin?’ arsa an glór údarásach. ‘Tagaigí amach anseo! Anois láithreach!’

‘Ó a dhiabhail!’ arsa Bríd de chogar. ‘Na gardaí! Tá muid i ngreim!’

‘Stop! Sé Séamas atá ann,’ a deir Caitríona. ‘Nach n-aithním a ghlór.’

‘Fuist! Ní cheapfainnse gurb é atá ann,’ a dúirt Iain.

‘Ná mise ach an oiread,’ a deir Bríd.

D’fhanadar cromtha san áit a rabhadar go dtí gur scairteadh an solas isteach sna súile orthu.

‘Tá sibh ag briseadh an dlí! Ab amhlaidh nach bhfuil sibh in ann léamh?’

D’éirigh Caitríona ina seasamh de léim.

‘Níor bhris muid aon dlí, a Shéamais Jim,’ a dúirt sí. ‘Bhí siad seo scanraithe agat, ach ná ceap go bhfuil sé chomh héasca sin an dallamullóg a chur ormsa!’

Amach leis an triúr thar an gclaí. Bhí Séamas ag briseadh a chroí ag gáire.

‘Déarfainn gur bhain sé sin geit asaibh!’ ar seisean.
‘Nach ndéanfainn an-gharda!?’

‘Níor bhain tú aon gheit asamsa,’ a dúirt Cairtríona leis.
‘Nach raibh a fhios agam láithreach gur tú a bhí ann.’

Ach bhí Iain agus Bríd ag dul in aer. Thosaíodar ag glaoch chuile ainm faoin spéir ar Shéamas. Lad ard láidir ba ea Séamas Jim agus é in ann obair fir a dhéanamh in aois a chúig bliana déag. Chuile sheans a d’fhaigheadh sé bhíodh sé amuigh sa gcurach lena uncail nó sa ngarraí lena sheanathair. B’fhada le Séamas go mbeadh sé críoch-naithe leis an scoil, agus bhí rún aige imeacht as an scoil chomh luath agus a bheadh sé sé bliana déag. Theastaigh uaidh jab a fháil ar an mbád farantóireachta a thugadh muintir an oileáin agus cuairteoirí isteach agus amach chuig an móirthír — sin nó ar cheann de na báid iascaigh a bhíodh ag obair amach as calafort Ros an Mhíl.

‘Dheara, níl a fhios agam tuige a bhfuil sibh chomh hoibrithe,’ a dúirt sé anois. ‘Ní raibh ann ach píosa craic.’

‘Cé bí céard faoin gcraic, cuir as an diabhal de thóirse sin,’ arsa Iain. ‘D’fheicfeá an solas ar an taobh eile den oileán.’

‘Nach thú féin a dúirt go mbeadh tóirse maith uainn?’

Chuir Séamas as an tóirse ar aon chaoi. Chuaigh sé anonn ansin go dtí an áit a raibh Cairtríona ina seasamh agus a droim leis an ngeata aici.

‘Bhuel, aon scéal?’

‘Cé a bhí in éineacht leat?’ an freagra a fuair sé. ‘D’airigh muid an chaint.’

Ach níor fhreagair Séamas í. D'éirigh an bheirt eile fíosrach ansin.

'Bhuel?' dúirt Iain. 'An bhfuil tú ag dul ag inseacht dúinn? Ach, ar ndóigh, b'fhéidir gur rún é.'

'Tá sé agam!' a deir Bríd. 'In éineacht le duine de na Gaeilgeoirí a bhí tú. Duine de chailíní an Choláiste! Chuirfinn geall ar bith.'

Bhí cúrsa Gaeilge Mhí Iúil faoi lánseol anois san Ionad Pobail. Buachaillí agus cailíní as chuile cheard d'Éirinn tagtha go dtí an t-oileán seo amuigh sa gcuan le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Agus d'fhéadfá a rá go mbíonn fáilte rompu ó tharla gur ar an turasóireacht a bhíonn muintir an oileáin ag brath le slí mhaireachtála a bhaint amach. Ach ní hiad na daoine fásta amháin a mbíonn fáilte acu roimh na 'Gaeilgeoirí' mar a thugann siad orthu.

'A dhiabhail,' a dúirt Iain go héadmhar agus é ag tarraingt leadóg spraíúil ar Shéamas. 'Cén chaoi go bhfuil an oiread tóir ag na cailíní ortsa?'

'Seans go mbíonn sé ag bualadh ar na fuinneoga acu san oíche,' a dúirt Bríd, 'ag glaoch amach orthu. Sin é a dhéanann na lads ar fad. Tá Gaeilgeoirí ag comharsan Mhamó, Máire Thomáis. Dúirt sí nach féidir léi néal a chodladh de bharr lads a bheith ag teacht thart san oíche. Tá sí ag caint ar Alsatian a fháil.'

'Alsatian!' a deir Iain. 'Ar airigh tú é sin a Shéamais? Céibí céard a dhéanfas tú, fainic na hAlsations!'

Bhí Iain agus Bríd síothlaithe ag gáire anois, ach ní raibh focal as Caitríona agus í ag éisteacht leis an gcuid eile ag baint as Shéamas. Bhí sí trína chéile. An bhféadfadh sé go raibh Séamas ag dul in éineacht le duine de na Gaeilgeoirí? Priocaide eicínt anuas as Baile Átha Cliath le 'chaon 'Ó mo Dhia!' aici. Agus dath ar a craiceann nach bhfuair sí ón ngrian. Ach céard faoin téacs a fuair sí féin ar ais ó Shéamas: *Ni raibh me le baca. Rudai eile ag tarlu anocht. Ach ma ta tusa ag dul bei me ann cinnte.*

Ar bhain sí an bhrí chontráilte as an teachtaireacht a tháinig uaidh? Cén bhrí ach an ríméad a bhí uirthi ag an am!

'Bhfuil tú alright, a Chaitríona?' a d'fhiafraigh Séamas di. 'Tá tú an-chiúin anocht.'

Lig sí uirthi féin nár chuala sí é.

'Cén diabhal atá orainn? Seasta anseo ag caint faoi Alsations!' a dúirt sí. 'Mura bhfuil muid ag dul isteach sa Station rachaidh mise síos chuig an mbarbaiciú. Beidh na lads strainséartha uileag ann.'

'Meastú an mbeidh mo dhuine leis na tattoos ann?' a d'fhiafraigh Bríd di. 'É siúd a bhí ag caint leat sa siopa tráthnóna.'

'Tá mé cinnte go mbeidh.'

'Ná himigh anois, a Chaitríona,' a deir Iain. 'Ó d'fhan tú go dtí seo.'

'Goiligí uaibh mar sin.'

Chuir Séamas ann an tóirse. Tóirse breá a bhí ann, a

raibh solas an-gheal go deo ag teacht as. Dúirt Bríd nach raibh a leithid de thóirse feicthe aici riamh cheana.

‘Is le m’uncail é,’ a dúirt Séamas. ‘Tá sé thar barr. Ní bhfaighidh tú ceann mar é sna siopaí, ach tá siad le fáil ar an idirlíon.’

Chuadar thar an teachín a mbíodh báidín na ngardaí cósta coinnithe ann tráth. Dhreapadar thar an sconsa gan breathnú siar ná aniar acu ar an bhfógra fainice a bhí crochta lena thaobh.

‘Dá gcloisfeadh sibh na scéalta atá ag dul thart faoin Station agus faoin láthair seandálaíochta,’ a deir Séamas. ‘Na scéalta is áiféisi dár airigh tú riamh.’

Ba ghearr go rabhadar ina seasamh sa bpaiste féarach amach ar aghaidh an stáisiúin.

‘Anois nach raibh sé sin éasca!’ arsa Iain agus é breá sásta leis féin.

Ach mo léan, níor sheas an tsástacht sin i bhfad. Thaispeáin an solas go raibh sconsa eile cúpla slat uathu. Bhí fógra a dúirt TOCHAILT SEANDÁLAÍOCHTA! crochta ar an sconsa seo. Thit an lug ar an lag orthu. Ní hé amháin go raibh an sconsa ard ach bhí taobh amháin de buailte suas leis an stáisiún féin. Ní raibh bearna ar bith idir é agus seanbhallaí cloiche an fhoirgnimh. Sheas an ceathrar ag breathnú suas ar an sconsa miotail.

‘Ní bheidh muid in ann a dhul isteach ar an suíomh. Thíos ar an taobh eile tá an sconsa ag dul thar bhrúach na haille,’ a dúirt Caitríona agus an díomá soiléir ina glór.

‘Dá mbeadh rud eicínt againn a ghearrfadh é,’ a dúirt Séamas.

‘Ach níl,’ a deir Iain.

Bhíodar fós ina seasamh ansin nuair thosaigh an bháisteach. Níorbh fhada go raibh sé ina dhíle.

‘Rithigí,’ arsa Iain. ‘Beidh scáth againn istigh sa stáisiún.’

‘Foscadh,’ a deir Caitriona.

Scairt Séamas an tóirse leis an mbealach a thaispeáint do na cailíní. Ansin thug sé lámh chúnta do Bhríd le dul tríd an bhfuinneog a bhí thart ar cheithre throigh ó thalamh.

‘Tá mé féin in ann,’ a dúirt Caitriona nuair a shín sé a lámh chuicise. Bhreathnaigh Séamas go grinn uirthi ach níor dhúirt sé tada. Chonaic siad go raibh an-lear sean-mhangarae caite thart taobh istigh. Bruscar de chuile chineál. Seanphíosáí adhmaid. Leaca ón díon. Éanacha básaithe. Canaí beorach agus go leor buidéal briste.

‘Bhuel, bhí cóisir nó dhó ann ar aon chaoi,’ a deir Iain.

‘Cé a thiocfadh anseo le haghaidh cóisire? Tá an áit uafásach,’ a dúirt Caitriona. ‘Gan trácht ar an mboladh bréan atá ann. Iuch.’

‘Níl a fhios agam an bhfuil sé sábháilte a ghabháil isteach,’ arsa Bríd. ‘Bheadh an oiread rudaí sa mbealach orainn, agus d’fhéadfadh....’

‘Níl sé sábháilte!’ a dúirt Caitriona a raibh col aici leis an bhfoirgneamh cheana féin. ‘Tá an áit seo ag cur

samhnais orm. Ach taobh amuigh de sin uileag braithim ... níl a fhios agam.... Tá sé ar nós go bhfuil duine eicint ag faire orainn.'

'An raibh a fhios agatsa go gcreideann an bhean seo i dtaibhsí?' a d'fhiafraigh Iain de Shéamas.

'M'anam go bhfuil daoine nach í a chreideann iontu,' a dúirt Séamas.

Cé gurbh fhearr le Caitriona a bheith in áit ar bith eile sa domhan, shocraigh sí go raibh a dóthain ráite aici. Má bhí an triúr eile sásta dul isteach, ní loicfeadh sise. Níor mhaith léi go gceapfadh aon duine, go háirithe Séamas, gur cladhaire a bhí inti. Shiúil an ceathrar go deas, réidh, cúramach tríd an bhfoirgneamh, trí sheanstáisiún tréigthe an gharda cósta. Scanraigh siad na préacháin a d'éirigh san aer agus 'chaon ghráig ghlórach acu. Chonaic siad an caonach a bhí ag fás ar na ballaí cloiche agus na poill a bhí sa síleáil adhmaid thuas os a gcionn. Ba léir gur theach dhá stór a bhí anseo, cé go raibh an staighre suas go dtí an dara hurlár bainte as. Anseo agus ansiúd d'fhéadfá na réalta a fheiceáil, áit a raibh na leaca séidte de dhíon an fhoirgnimh.

'Déarfainn go dtógfadh sé níos mó ná cúpla punt caoi a chur ar an áit seo,' a deir Iain.

'Seans go mbeadh cúpla milliún ó dhuine,' a dúirt Séamas. 'Ach is dóigh go bhfuil na millionaires ar fad bailithe leo as an tír.'

Nuair a chuaigh siad amach an doras a bhí díreach os

comhair na fuinneoige thuig siad go raibh an foirgneamh roinnte ina thrí chuid. Trí theach a bhí ann. Ní raibh ceangal ar bith eatarthu ón taobh istigh ach bhí a bhealach féin isteach ag 'chaon cheann acu ón taobh ó dheas. Theastaigh ó Chaitriona a fháil amach tuige a raibh áit chomh mór ag teastáil ó na gardaí cósta.

'Agus céard go díreach a bhídís a dhéanamh ar aon chaoi? Na gardaí cósta seo?'

'Bhuel,' a deir Séamas, 'is póilíní nó gardaí a bhí iontu, ag obair don Sasanach. Bhídís ina gcónaí anseo sa stáisiún agus na mná is na gasúir in éineacht leo. An bhfuil an ceart agam, a Iain?'

'Tá. Is ag coinneáil súile ar an bhfarraige agus ar a raibh ag tarlú timpeall na gcladach a bhídís. Bhíodh go leor smuigleála ar siúl thart anseo ag an am.'

'Ní raibh a fhios agam é sin!' a dúirt Caitriona.

'Ná agamsa,' a deir Séamas. 'Smuigléirí! Cé a chreidfeadh é! Anseo in Oileán beag na Leice. Anois céard deir tú le Gaillimh!'

Shocraíodar fanacht sa tríú teach nó go ndéanfadh sé aiteall. Leag Séamas an tóirse ar an talamh agus shocraigh sé é sa gcaoi is go mbeadh feiceáil mhaith acu timpeall an tseomra. Shiúil siad thart ansin. Aisteach go leor is beag bruscar a bhí anseo le hais mar a bhí sa gcuid eile den fhoirgneamh. Suas leis an mballa i ngar don fhuinneog bhí píosa de fhráma leapan. Fuaireadar ar fad caidéis dó seo. Fráma bán iarainn a bhí ann agus an

ceann fós air. Cruth áirse a bhí ar an bhfráma cinn a raibh go leor ornáidí air.

‘A mhac go deo!’ a deir Caitríona ‘Chonaic mé rudaí ar nós é seo ar an teilifís. Is antique é!’

Dúirt Bríd gur mhór an t-iontas go raibh an leaba fágtha ann ach nach raibh aon tuairisc ar an gcuid eile den troscán.

‘Ach, níl ann ach cuid de leaba,’ a dúirt Séamas a bhí á scrúdú go grinn. ‘Tá an píosa iarainn a bheadh thíos ag bun na leapan ar iarraidh. Agus tá ceann de na cosa briste de. Ní thabharfaidís leaba bhriste leo.’

‘Tá sí agam!’ a deir Iain agus chroch sé barra iarainn suas san aer. ‘Cois na leapan. A Mhac go deo, dá mbuailfí duine leis seo...’

‘As ucht Dé ort! Ná bí dhá chraitheadh mar sin,’ a dúirt Bríd leis. ‘D’fhéadfá duine againn a ghortú.’

Theastaigh ó Chaitríona a fháil amach cé chomh sean agus a bhí an Station.

‘Fiafraigh d’Iain. Tá sé ar nós encyclopaedia,’ a deir Bríd.

‘Níl mé cinnte cén uair a tógadh an foirgneamh. Ach tá a fhios agam gur imigh na gardaí cósta as an tír i naoi déag fiche is a... rud eicint. Nuair a bunaíodh an Saorstát. Caithfidh mé taighde a dhéanamh nuair a rachaidh mé abhaile go Gaillimh.’

Is amhlaidh a bhí teach saoire ag muintir Iain in Oileán na Leice. Chaitheadh sé féin agus a dheartháir an

chuid is mó den samhradh san oileán an fhad is a bhíodh a dtuismitheoirí ag obair leo istigh sa chathair.

‘Ach a Iain,’ arsa Séamas, ‘mura bhfuil an áit seo tógtha ach le — déarfaidh muid — céad go leith bliain, tuige a bhfuil na seandálaithe anseo?’

‘Ní sa stáisiún féin atá suim acu ach i ráth nó lios atá taobh amuigh ansin.’

‘Móta a thugann muide air sin,’ a deir Caitriona.

‘Bhuel is sa móta atá suim ag na seandálaithe.’

‘Muise, nach iontach í an fhoghlaím,’ a deir Séamas agus chroith sé lámh le Iain. ‘Tá mé siúrálte go mbeidh tú i do léachtóir ollscoile lá eicint, bail ó Dhia ort. An tOllamh Iain Mac Giolla Easpaig.’

Chaith Séamas faoi ansin agus chuir sé a dhroim leis an mballa.

‘Bheadh sé chomh maith daoibh uileag caitheamh fúibh,’ a dúirt sé leis an gcuid eile. ‘Tá sé fós ina dhoirteadh.’

Chuir Bríd strainc uirthi féin agus í ag breathnú síos.

‘Ach tá an t-urlár lofa salach. Millfidh mé mo ghúna.’

‘Mise chomh maith,’ a dúirt Caitriona. ‘Agus gan é ach ceannaithe agam.’

B’fhearr le Caitriona ná tada dul abhaile. Ach mo léan! B’fhacthas di nach mórán fonn baile a bhí ar an triúr eile. Bhain Séamas a sheaicéad de.

‘Seo,’ a dúirt sé le Bríd. ‘Féadfaidh tú suí air seo.’

Agus leag sé an seaicéad ar an urlár díreach lena thaobh. Shuigh Bríd síos.

‘Nach iontach anois,’ arsa Caitríona ina hintinn féin, ‘nach domsa a thug sé a sheaicéad!’

Ach dar ndóigh ní dhéarfadh sí é seo amach. Ní dhéarfadh sí é ar ór ná ar airgead.

‘Dá bhfeicfeadh Mamó anois thú,’ a dúirt sí le Bríd. ‘Ní mó ná sásta a bheadh sí.’

‘Nach bhfuil a fhios agam go maith! Thabharfadh sí leathmharú orm.’

Chomh luath agus dhún an scoil le haghaidh saoire an tsamhraidh, tháinig Bríd Ní Neachtain anuas as Baile Átha Cliath.

‘Déanfaidh sé leas duit,’ a dúirt a tuismitheoirí léi ‘an samhradh a chaitheamh le do sheanmháthair agus do chol ceathracha in áit atá chomh folláin agus chomh sábháilte le hOileán na Leice.’

Bhí Mamó, nó Caitlín Liaimín mar ab fhearr aithne uirthi, sásta an comhluadar a bheith aici. Ní hin le rá nach raibh sí géar ar Bhríd. Leag sí síos liosta fada de rialacha di an chéad lá! Agus d’fhág sí an riail ba mheasa go dtí ar deireadh.

‘Caithfidh tú a bheith istigh ag leathuair tar éis a deich chuile oíche, a Bhríd. An gcloiseann tú anois mé? Is cuma sa mí-ádh céard a dhéanfas an chuid eile acu. Feictear dhomsa go bhfuil i bhfad an iomarca cead a gcinn ag an dream óg thart anseo. Tá sin.’

Bhí Séamas ag scairteadh an tsolais anonn ar an bhfuinneog anois.

‘Bhfuil a fhios agaibh céard é féin,’ a dúirt sé go tobann. ‘Ach dá ngabhadh muid amach tríd an bhfuinneog sin thall, bheadh muid ar an taobh eile den sconsa ard úd. Nach mbeadh?’

‘Cén fáth nar chuimhnigh mise air sin!’ arsa Iain. ‘Tabhair dom an solas go bhfeice mé.’

Ach ní mó ná sásta a bhí Bríd leis seo.

‘Tá an solas sin an-láidir, a Iain. Má thugann daoine faoi deara é beidh muid i dtrioblóid. Bhuel, beidh mise i dtrioblóid, céibí céard fúibhse.’

Chuir sí i gcuimhne d’Iain gur in oileán beag nach raibh ann ach fiche mhíle cearnach a bhí sé. Áit a raibh aithne ag chuile dhuine ar a chéile agus nach gcorródh cuileog i ngan fhios dóibh. Ní raibh sa bpríomhbhaile, áit a rabhadar anois ach an dá scoil, an séipéal, an t-ollmhargadh, oifigí an Choiste Forbartha, an tIonad Pobail, agus an t-óstán. Agus caifé Cois Trá nach n-osclaíodh ach sa samhradh.

Bhuail cantal Cairtriona agus í ag éisteacht le Bríd. Cén fáth a gcaithfeadh a col ceathar a bheith i gcónaí ag tarraingt aird uirthi féin? Agus breathnaigh uirthi anois, suite ansin ar a sáimhín só le Séamas!

‘Dá mbeinn chomh scanraithe is atá tusa, a Bhríd,’ a dúirt sí léi, ‘d’fhanfainn ag baile san oíche. Ach má bheirtear féin orainn tá a fhios agat go breá gur ormsa a chuirfidh siad an milleán.’

‘Cén fáth a gcuirfidís an milleán ortsa?’

‘Beidh siad a rá gurb amhlaidh a tharraing mise amach thú. Ceapann siad uileag gur aingilín thusa ach go bhfuil mise chomh fiáin le pocaide gabhair.’

‘Seafóid.’

‘Nach bhfuil mé a rá leat.’

Níor thaitin sé le Iain an bheirt chailín a bheith ag sáraíocht.

‘Chomh fiáin le pocaide gabhair,’ a dúirt sé. ‘Nach deas an leagan cainte é sin. Pocaide gabhair! Pocaide gabhair.’

Thosaigh sé ag déanamh amhrán as le súil is go n-éireodh na cailíní as an gcocaireacht. Agus, d’oibrigh a phlean. Taobh istigh de nóiméad bhí siad ar fad maraithe ag gáire faoi.

‘Tú féin is do phocaide gabhair!’ a dúirt Caitríona. ‘Nach bhféadfá amhrán ceart a chasadh?’

‘Faraor, níl aon sean-nós agam. Ach céard faoin bPoc ar Buile?’

‘Ná bígí ag tabhairt aon ugach dhó,’ arsa Séamas. ‘Tá glór ar nós préacháin aige sin.’

‘Más in é a bhfuil de mheas orm ní bhacfaidh mé,’ a dúirt Iain agus anonn leis chomh fada leis an bhfuinneog.

Lean Caitríona Iain. Nuair a scairt sé an solas amach chonaic siad go raibh an ceart ag Séamas! Bhí an báire leo! Cé go raibh cuid mhaith driseacha agus neantóg taobh amuigh, ní raibh clái ná sconsa idir an foirgneamh agus an áit a raibh na seandálaithe ag cartadh!

‘A Mhac go deo! Ní gá dúinn a dhul ag dreapadh ar chor ar bith,’ a dúirt Caitriona. ‘Siúlai gí uaibh!’

B’fhada léi go mbeadh sí imithe as an bhfoirgneamh. Sméid sí ar an mbeirt a bhí fós ina suí. Ach ba léir nach raibh fonn ar cheachtar acusan corraí.

‘Ach beidh muid báite, a Chaitriona má théann muid amach sa díle seo!’ a dúirt Bríd.

‘Fanfaidh muid go ndéanfaidh sé aiteall,’ a deir Séamas.

‘Dheara, ní leáfar muid. Gabh i leith uaibh.’

Chuir sé iontas ar Chaitriona nach raibh an dream eile chomh faiteach agus a bhí sí féin, fiú Bríd nach raibh ag iarraidh dul isteach sa stáisiún beag ná mór. An raibh baint aige seo le Séamas? An raibh rud eicint ag dul ar aghaidh eatarthu? Bhí Iain tagtha anall ón bhfuinneog anois agus é ag póirseáil timpeall an tseomra. Ag scairt-eadh an tsolais isteach sna cúinní agus suas an simléar. Theastaigh ó Shéamas a fháil amach céard a bhí sé a dhéanamh.

‘Spáráil an tóirse,’ a dúirt sé. ‘Níl aon leictreachas anseo againn má ritheann...’

‘Ach cheap mé gur airigh mé daoine ag caint.’

‘Dheara stop! Níl aon duine anseo ach muid féin.’

‘Níl a fhios agam faoi sin.’ Choinnigh sé air ag luainneáil thart.

Chuaigh Caitriona anonn anois go dtí an áit a raibh Séamas agus Bríd ina suí. Sheas sí cúpla soicind gan tada

a rá ach í ag breathnú síos ar an mbeirt. An bhféadfadh sé gur ar Bhríd a bhí súil ag Séamas? Ab amhlaidh go raibh sé ag baint úsáide aisti féin? Bhí a fhios aige go mbíodh Bríd ag coinneáil an chois aici. Murach an diabhal de Chúrsa Eachtraíochta sin is iad Ruth agus Siobhán a bheadh sa gcomhluadar anocht. Ní bheadh tada ráite aici le Bríd faoin socrú a bhí acu. Thabharfadh Caitriona a dhá súil ar a bheith in ann labhairt le Ruth agus Siobhán. D'airigh sí uaithi iad. Ach aon uair ar ghlaigh ní raibh caint acu ar thada ach ar kayaks agus ar dhreapadóireacht ballaí. Bhraith Caitriona duairceas nár bhraith sí riamh ina saol cheana. Ab é an áit a bhí ag cur gruaim uirthi? Nó briseadh croí?

‘An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas tú,’ a dúirt sí le Séamas ar nós nach raibh mairg uirthi. ‘Inis scéal dúinn. Ceann de na scéalta sin a d'airigh tú anocht.’

‘Dheara, níl a fhios agam. Ní bheadh a fhios agam cá dtosóinn.’

‘Inis dúinn faoin uaigh,’ a dúirt Iain. ‘Agus an corp gan cloigeann.’

‘Ú! Ú!’ a dúirt Bríd. ‘Is aoibhinn liomsa scéalta mar sin. Cuir as an tóirse! Ansin beidh muid ar nós an dream sa Blair Witch Project!’

‘Maith an fear, a Shéamais,’ arsa Iain. ‘Chuala mé gur an-seanchaí thú.’

‘Ó, tá sé iontach ag cumadh,’ a deir Caitriona, agus searbhas ina glór. ‘Thar cionn ar fad.’

Sciort na focla as a béal i ngan fhios di. Chomh luath agus a bhí siad ráite aici bhí aiféala uirthi. Ach mar a deireadh a hathair léi go minic ‘Ní bhíonn breith ar an gcloch ó chaitear í.’ Chuaigh sí anonn go dtí an taobh eile den seomra, san áit a raibh Iain suite.

Ghéill Séamas ar deireadh. D’inis sé dóibh ar dtús go raibh duine de na comharsain, Máirtín Phaidí, fostaithe le cúnamh a thabhairt do na seandálaithe. D’fhiafraigh sé de Mháirtín an tráthnóna sin ar fritheadh corp ar an suíomh. D’fhiafraigh sé de freisin an raibh taibhse feicthe sa stáisiún.

‘Níl a fhios agam aon cheo faoi thaibhsí,’ a dúirt Máirtín le Séamas Jim, ‘ach tá cnámha faighte ceart go leor. Nó go ndéanfar scrúdú orthu ní bheidh a fhios cé chomh sean agus atá siad.’

Ach ansin dúirt Máirtín Phaidí rud ar chuir Séamas an-spéis ann. Dúirt sé gurbh é an Station an áit dheireanach a dteastódh uaidh féin a bheith ag obair ann.

‘B’fhearr do dhuine mura mbeadh plé ar bith aige leis an Station céanna. Ná leis an móta taobh amuigh,’ a dúirt sé.

‘Duine eile a chreideann i dtaibhsí,’ a deir Iain.

‘Tá caint ann freisin,’ a dúirt Séamas, ar nós nár cuir eadh isteach air, ‘faoi stolladh gaoithe a tháinig gan aon choinne chomh luath agus a thosaigh siad ag tochailt sa móta. “Cuaifeach” a thug fir na háite air. Nuair a cheistigh mé Máirtín faoi seo níor dhúirt sé hum ná ham.

Cheapfá go raibh sé bodhar. Agus chloisfeadh an fear céanna an fear ag fás.’

Bhí ciúnas ann ar feadh scaithimh. Iad ar fad ag iarraidh brí eicint a bhaint as a raibh cloiste acu.

‘Is dóigh go bhfuil rud eicint ag baint leis an áit a bhfuil siad ag cartadh ann,’ a deir Bríd ansin.

‘Meastú an bhfuil mallacht ar an áit?’ arsa Caitriona. Lig Iain racht gháire as.

‘Mallacht?’ ar seisean. ‘Ní chreideann aon duine i mallachtaí níos mó. Baineann siad le saol atá imithe. Nó leis na scannáin uafáis.’

Theastaigh ó Chaitriona an scéal a athrú anois. Bhí an chaint seo ar fad faoi thaibhsí agus faoi choirp ag cur as di.

‘Meastú an bhfaighinnse páirt i gceann de na scannáin sin, a Iain?’ ar sise.

Ansin lig sí scréach aisti a bhuafadh Oscar do réalta scannáin ar bith i Hollywood.

‘Ar airigh sibhse riamh faoin ngarda cósta a d’imigh agus nach bhfaca aon duine riamh ina dhiaidh sin?’ a d’fhiafraigh Bríd den triúr eile nuair a shocraíodar síos arís.

‘Nach maith go raibh a fhios agatsa faoi sin!’ a dúirt Séamas, ‘Tar éis nach mbíonn tú anseo ach píosa den samhradh!’

‘Nach bhfuil mé ag éisteacht le scéalta Mhamó ó bhí mé beag bídeach.’

‘D’airigh mise,’ a dúirt Séamas, ‘go raibh sé ag déanamh garraí taobh amuigh den Station. Chonaic go leor daoine é ag cartadh ann. Ach ansin lá arna mhárach bhí sé imithe gan tásca gan tuairisc!’

‘Meastú céard a tharla dó?’ a deir Caitríona.

‘Cuirfidh mé geall leat gur mharaigh duine eicint é,’ a deir Iain. ‘Tá a fhios agaibh an ghráin a bhí ag muintir na hÉireann ar na Sasanaigh.’

‘Má tá an ceart agat,’ a deir Séamas, ‘d’fhéadfadh go bhfuil a chorp fós taobh amuigh ansin.’

Bhreathnaíodar ar fad anonn ar an bhfuinneog.

‘Ach b’fhéidir gurb iad a chuid cnámha atá faighte anois ag na seandálaithe,’ arsa Caitríona.

‘Éist! Ar airigh sibh é sin?’ a dúirt Iain.

‘Ná habair go bhfuil duine eicint ag teacht,’ a dúirt Bríd.

‘Fuist.’

D’éisteadar. Go grinn.

Bhí torann ann ceart go leor. Trup. Ar nós coiscéimeanna. Thuas os a gcionn. Anonn is anall. Anonn is anall. Ní raibh gig ná geaig as an gceathrar. Ach ansin stop an torann ar fad. Stop sé chomh tobann céanna agus a thosaigh sé.

‘Ní fhéadfadh sé gur duine a bhí ann,’ arsa Séamas ansin. ‘Cén chaoi a ngabhfa suas agus gan aon staighre ann?’

‘Na diabhail de phréacháin,’ a deir Caitríona, ‘cé nár chreid sí féin é. Tá na céadta acu ann.’

‘Tá an áit seo ag cur rud orm,’ a dúirt Bríd. ‘An

mbraitheann sibhse go bhfuil duine eicint ag faire orainn?’

‘Dúirt mise é sin i bhfad ó shin,’ arsa Caitriona. ‘Ach is amhlaidh a bhí sibh ag spochadh asam.’

Ní raibh aon duine acu ar a suaimhneas anois. Thosaigh siad ag réiteach le himeacht.

‘Tá mé ag ceapadh go bhfuil sé ag déanamh aiteall ar aon chaoi,’ a deir Séamas.

‘An raibh a fhios ag do Mhamó tada eile faoin ngarda cósta?’ arsa Iain le Bríd agus iad ag bailiú a gcuid balcaisí.

‘Bhuel, dúirt sí go raibh sé pósta ach nár chreid a bhean go raibh aon cheo dona tarlaithe dó. Bhíodh sí suite sa bhfuinneog agus lampa aici. Ag fanacht go dtiocfadh sé abhaile.’

‘B’fhéidir gurb as sin a tháinig scéal an taibhse,’ a dúirt Séamas. ‘An raibh a fhios ag do sheanmháthair céard a tharla do bhean an gharda cósta? Cheapfá go mbeadh comhluadar nua ag teacht isteach sa teach agus go gcaithfeadh sí imeacht.’

‘D’fhiafraigh mé di, ach dúirt sí gurbh fhearr gan a bheith ag caint ar “rudaí mar sin”. Níl a fhios agam....’

Cuireadh isteach ar an gcaint nuair a lig Caitriona scréach aisti, sian uafáis a bhainfeadh an t-anam asat.

‘Go sábhála mac Dé sinn!’ a dúirt sí. ‘Tá rud eicint ag corraí thall ansin. Thall sa gcúinne.’

Rug sí ar an tóirse a bhí leagtha ar an urlár, ach bhí a compánaigh ag cur na gcosa uathu.